



CINNEADH (AE) 2025/892 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Deireadh Fómhair 2024

maidir le beart SA.56399 agus SA.56634 (2021/C) (ex 2020/FC) arna chur chun feidhme ag an bhFrainc i bhfabhar La Française des Jeux

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 7735)

(Is é an téacs Fraincise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 108(2) de,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus go háirithe Airteagal 62(1)(a) de,

Tar éis a iarraidh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur isteach de bhun na n-airteagal sin ⁽¹⁾, agus ag féachaint dá gcuid barúlacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

- (1) An 31 Eanáir 2020, fuair an Coimisiún gearán ón *Association Française du Jeu en Ligne* ('AFJEL') ⁽²⁾ maidir le deonú líomhnaithe stáitchabhrach neamhdhleathaí do La Française des jeux ('FDJ').
- (2) An 5 Márta 2020, fuair an Coimisiún an dara gearán maidir leis an ábhar céanna ón gComhairle Gealltóireachta agus Cearrbhachais ('BGC') ⁽³⁾.
- (3) An 26 Iúil 2021, chinn an Coimisiún tús a chur leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 108(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') i leith an bhiirt cabhrach líomhnaithe lena ndeonaítear cearta eisiacha daingnithe ar feadh 25 bliana i gcomaoin luach saothair neamhleor ('an cinneadh tosaigh'). Thug sé fógra don Fhrainc faoin gcinneadh sin an 27 Iúil 2021.
- (4) Foilsíodh cinneadh tosaigh an Choimisiúin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an 3 Nollaig 2021. D'iarr an Coimisiún ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a chur isteach maidir leis an mbeart cabhrach líomhnaithe.
- (5) Chuir an Fhrainc a barúlacha isteach an 3 Samhain 2021. Fuair an Coimisiún barúlacha i scríbhinn ó FDJ an 3 Eanáir 2022. An 3 Eanáir 2022, fuair sé barúlacha i scríbhinn freisin ó fhiontair theoranta BETCLIC ('BETCLIC'), ón Union des blessés de la face et de la tête ('UBFT') agus ón Fédération Nationale André Maginot ('FNAM'). An 12 Eanáir 2022, fuair an Coimisiún barúlacha i scríbhinn ó AFJEL agus an 18 Eanáir 2022, ó BGC. An 20 Eanáir 2022, fuair an Coimisiún barúlacha ó Chomhlachas Cearrbhachais agus Gealltóireachta na hEorpa ('EGBA').
- (6) Le litreacha dar dáta an 31 Eanáir 2022 agus an 15 Feabhra 2022, chuir an Coimisiún na barúlacha ó pháirtithe leasmhara maidir leis an gcinneadh tosaigh ar aghaidh chuig an bhFrainc, rud a thug deis di freagra a thabhairt. Fuair an Coimisiún freagra na Fraince i litir dar dáta an 19 Aibreán 2022.

⁽¹⁾ IO C 487, 3.12.2021, lch. 13 – *Octroi supposé d'aide d'État illégale à la Française des Jeux* – Cuireadh chun barúlacha a chur isteach de bhun Airteagal 108(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

⁽²⁾ Is comhlachas trádála é AFJEL a dhéanann ionadaíocht ar fhormhór na n-oibreoirí gealltóireachta spóirt ar líne atá ceadúnaithe sa Fhrainc.

⁽³⁾ Déanann BGC ionadaíocht do 90 % den tionscal gealltóireachta agus cearrbhachais sa Ríocht Aontaithe. Go háirithe, déanann sé ionadaíocht d'oibreoirí cearrbhachais ar líne a bhfuil ceadúnas acu ann.

- (7) Le ríomhphoist dar dáta an 23 Feabhra 2022, an 2 Bealtaine 2022, an 8 Iúil 2022, an 10 Samhain 2022, an 17 Samhain 2022, an 6 Eanáir 2023, an 8 Márta 2023, an 13 Márta 2023, an 20 Márta 2023, an 28 Aibreán 2023, an 23 Meitheamh 2023, an 13 Meán Fómhair 2023, an 29 Meán Fómhair 2023, an 26 Deireadh Fómhair 2023, an 14 Nollaig 2023, an 22 Eanáir 2024, an 23 Eanáir 2024, an 2 Feabhra 2024, an 12 Márta 2024, an 22 Aibreán 2024, an 28 Aibreán 2024, an 16 Bealtaine 2024, an 17 Meitheamh 2024, an 18 Meán Fómhair 2024 agus an 21 Deireadh Fómhair 2024, chuir ionadaí AFJEL agus BGC faisnéis bhreise ar fáil agus bhí plé aige leis an gCoimisiún an 9 Meitheamh 2022 agus an 27 Meán Fómhair 2022.
- (8) Fuair an Coimisiún faisnéis bhreise ó údarais na Fraince an 17 Iúil agus an 23 Deireadh Fómhair 2024.
- (9) Bhí plé ag an gCoimisiún le húdarás náisiúnta cearrbhachais na Fraince ('ANJ') an 27 Deireadh Fómhair 2022. Cuireadh tuilleadh ceistanna ar ANJ an 12 Samhain 2022, ar thug sé freagra orthu an 27 Feabhra 2023.

2. TUAIRISC AR FDJ AGUS AR MHARGADH CEARRBHACHAIS NA FRAINCE

2.1. FDJ, tairbhí na cabhrach líomhnaithe

- (10) Is é FDJ an príomh-oibreoir cluichíochta sa Fhrainc agus an dara hoibreoir crannchuir is mó san Eoraip. Tá líonra de bhreis agus 29 000 díolphointe aige i mbreis agus 11 000 bardas agus tá beagnach 3 000 duine fostaithe ann ⁽⁴⁾.
- (11) In 2023, thuairiscigh FDJ láimhdeachas EUR 2,621 billiún, EBITDA EUR 656,8 milliún agus glanbhrabús EUR 425,1 milliún. B'ionann a ollioncam cearrbhachais agus EUR 6,7104 billiún ⁽⁵⁾.
- (12) Is é FDJ an t-oibreoir cearrbhachais atá ann faoi láthair sa Fhrainc. An 9 Samhain 1978, dheonaigh an stát cearta eisiacha chun an crannchur náisiúnta a eagrú agus a oibriú don Société de la Loterie nationale et du Loto national, a ndearnadh FDJ di in 1991 ⁽⁶⁾. An 1 Aibreán 1985, deonaíodh cearta eisiacha dó chun gealltóireacht spóirt a oibriú (seachas rásaíocht capall) ⁽⁷⁾.
- (13) An 12 Bealtaine 2010, rinne an Fhrainc earnáil an chearrbhachais ar líne a léirscaoileadh trí bhíthin Dhlí Uimh. 2010-476. Ón dáta sin, tá na margaí le haghaidh gealltóireacht rásaíochta capall, gealltóireacht spóirt ar líne agus cluichí pócair ar líne oscailte don iomaíocht dá bhrí sin. Tá monaplacht fós ag FDJ sa mhargadh crannchuir (tarraingtí duaiseanna agus cluichí meandracha) agus sa mhargadh le haghaidh gealltóireacht spóirt ag an díolphointe (seachas rásaíocht capall) ⁽⁸⁾.
- (14) Rinneadh athchóiriú ar an margadh cearrbhachais sa Fhrainc an 22 Bealtaine 2019 (féach Roinn 2.2).
- (15) Rinneadh na gníomhartha rialála as ar eascair deonú na gceart eisiach dá dtagraítear in aithris 12 a aisghairm an 23 Meitheamh 2020 ⁽⁹⁾.

⁽⁴⁾ Tá an fhaisnéis sin ar fáil i dtuarascáil chomhtháite 2023 FDJ: <https://www.fdjunited.com/2024/03/discover-the-2023-edition-of-the-fdj-groups-annual-integrated-report/>.

⁽⁵⁾ Cuntais chomhdhlúite 2023 FDJ: <https://www.groupefdj.com/publications-et-resultats/>.

⁽⁶⁾ Deonaíodh na cearta eisiacha sin le Forathne Uimh. 78-1067 an 9 Samhain 1978 maidir le heagrú agus oibriú an chrannchuir náisiúnta agus Loto náisiúnta. Sonraíodh na téarmaí agus na coinníollacha chun na cearta sin a fheidhmiú i gcomhaontú a síníodh an 29 Nollaig 1978 idir an stát agus an Société de la Loterie nationale et du Loto national.

⁽⁷⁾ Deonaíodh na cearta eisiacha sin le Forathne Uimh. 85-390 an 1 Aibreán 1985 maidir le heagrú agus oibriú an Loto spóirt. Leasaíodh comhaontú an 29 Nollaig 1978 (féach thuas) chun raon feidhme leathnaithe na gceart eisiach a deonaíodh a léiriú. Leasaíodh arís ina dhiaidh sin é chun foráil a dhéanamh, *inter alia*, maidir leis an méid seo a leanas: (i) raon feidhme na gceart eisiach a thugtar a leathnú; (ii) athrú ar fhad an chomhaontaithe (lena gcuimhdaítear tréimhse 30 bliain ar dtús, cuireadh síneadh leis an gcomhaontú ar feadh tréimhse éiginnte leis an leasú deireanach an 9 Márta 2006); (iii) athruithe a bhaineann le téarmaí foirceanta na cuideachta, go háirithe a mhéid a bhaineann le cúiteamh más rud é gur scoireadh de chúram a chur ar an gcuideachta le forathne cluichí a eagrú agus a oibriú ar bhonn cearta eisiacha.

⁽⁸⁾ Féach Roinn 2.2 den chinneadh tosaigh le haghaidh tuairisc mhionsonraithe ar an gcreat dlíthiúil is infheidhme roimh an athchóiriú an 22 Bealtaine 2019.

⁽⁹⁾ Rinneadh Foraitheanta Uimh. 78-1067 an 9 Samhain 1978 agus Uimh. 85-390 an 1 Aibreán 1985 a aisghairm an 23 Meitheamh 2020. Cuireadh deireadh leis an gcomhaontú, bunaithe ar Fhoraitheanta Uimh. 78-1067 an 9 Samhain 1978 agus Uimh. 85-390 an 1 Aibreán 1985.

2.2. Athchóiriú an chearrbhachais sa Fhrainc

- (16) An 22 Bealtaine 2019, ghlac údaráis na Fraince Dlí Uimh. 2019-486 maidir le fás agus claochlú gnó ('Dlí PACTE'), agus an 2 Deireadh Fómhair 2019 ghlac siad Ordú Uimh. 2019-1015 a bhí ina rialachán maidir le hathchóiriú an chearrbhachais ('Ordú 2019'). Glacadh roinnt foraitheanta chun an dá ghníomh rialála sin ⁽¹⁰⁾ a fhorlíonadh.
- (17) Trí bhithin na ngníomhartha sin, rinne an Fhrainc FDJ a phríobháidiú agus rinne sí rialachán maidir le hathchóiriú an chearrbhachais.
- (18) Dhírigh an rialachán maidir le hathchóiriú an chearrbhachais ('athchóiriú ar dhlí PACTE') ar dhá phríomhghné: (i) cearta eisiacha a dheonú do FDJ ar feadh tréimhse 25 bliana chun cluichí crannchuir as líne agus ar líne agus gealltóireacht spóirt ag an díolphointe a oibriú i gcomaoin luach saothair EUR 380 milliún ⁽¹¹⁾; agus (ii) cánachas ar ghealltóireacht spóirt ⁽¹²⁾.

3. AN NÓS IMEACHTA IMSCRÚDAITHE FOIRMIÚIL A OSCAILT

- (19) Mar a leagtar amach in aithrisí 1 agus 2, fuair an Coimisiún dhá ghearán maidir le deonú líomhnaithe státchabhrach neamhdhleathaí do FDJ: comhdaíodh ceann amháin an 31 Eanáir 2020 ag AFJEL agus comhdaíodh an ceann eile an 5 Márta 2020 ag BGC. Bhí an t-ábhar céanna ag an dá ghearán ⁽¹³⁾.

3.1. Tuairisc ar an mbeart a chumhdaítear leis an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil

- (20) Mar thoradh ar na leasuithe a rinneadh le Dlí PACTE, bhí ar FDJ luach saothair EUR 380 milliún a íoc leis an stát chun cluichí crannchuir as líne agus ar líne agus gealltóireacht spóirt ag an díolphointe a oibriú. Leagadh amach an prionsabal is bun leis an luach saothair sin in Airteagal 137(IV)(1) de Dhlí PACTE, agus sonraíodh é in Airteagal 17 d'Ordú 2019 (lenar foráladh go raibh méid na híocaíochta le socrú, tar éis don Commission des participations et des transferts (an Coimisiún um ghabháiltais agus aistrithe) aontú, sna sonraíochtaí a cheanglaítear faoi Airteagal 16).
- (21) Chun an luach saothair EUR 380 milliún atá dlite ag FDJ (an 'luach saothair' nó 'táille') a chainníochtú, d'úsáid údaráis na Fraince modh difreálach: chuir siad luach teoriciúil chearta eisiacha FDJ amach anseo (ó 2019 ar aghaidh) i gcomparáid le chéile in dhá chás: roimh an athchóiriú arna chur chun feidhme le Dlí PACTE (cás roimh Dhlí PACTE frithfhíorasach) agus tar éis an athchóirithe (agus tionchar iarbhrí Dhlí PACTE á chur san áireamh).

⁽¹⁰⁾ Go háirithe, Foraithe Uimh. 2019-1060 an 17 Deireadh Fómhair 2019 lena leagtar síos socruithe mionsonraithe maidir le rialú stáit ar FDJ.

⁽¹¹⁾ Féach Roinn 2.3.1 den chinneadh tosaigh: Foráiltear le hAirteagal 137 de Dhlí PACTE go ndéanfaí cearta eisiacha do FDJ ar feadh tréimhse theoranta, agus sonraítear raon feidhme na gceart sin in Ordú 2019 (Airteagail 7 agus 8 den Ordú), leagtar amach na téarmaí faoina bhfeidhmítear iad agus a bhfad, i.e. 25 bliana ag tosú ó fhoilsiú Dhlí PACTE (Airteagal 15 den Ordú). Le hAirteagal 3 d'Fhoraithe Uimh. 2019-1060 an 17 Deireadh Fómhair 2019 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le dlúthrialú stáit ar FDJ, socraítear ag EUR 380 milliún an luach saothair atá le híoc ag FDJ mar mhalairt ar na cearta eisiacha a deonaíodh. Sonraítear i gcomhaontú a tugadh i gcrích an 17 Deireadh Fómhair 2019 idir an stát agus FDJ na socruithe maidir leis na cearta eisiacha a fheidhmiú.

⁽¹²⁾ Féach Roinn 2.3.2 den chinneadh tosaigh: Le hAirteagal 138(I), (III) agus (IV) de Dhlí PACTE leasaíodh an bonn cánach (ollioncam cearrbhachais seachas an méid a íocadh) agus na rátaí is infheidhme maidir leis na trí cháin shonracha a fhorchuirtear ar oibreoirí gealltóireachta spóirt sa Fhrainc.

⁽¹³⁾ Chomh maith le cearta eisiacha a dheonú ar feadh tréimhse 25 bliana ar luach saothair neamhleor (EUR 380 milliún), bhain na gearáin freisin (i) le ráthaíocht fhollasach neamhtheoranta nach gcaillfeadh FDJ a chearta eisiacha ná aon cheadúnú fiú i gcás mí-iompar tromchúiseach agus (ii) le cóireáil fhabhrach cánach do FDJ maidir le gealltóireacht spóirt ag an díolphointe i gcomparáid le hoibreoirí ar líne. Níor tháinig ceachtar den dá bheart (an ráthaíocht líomhnaithe nó an buntáiste cánach líomhnaithe) faoi raon feidhme an chinnidh tosaigh. A mhéid a bhaineann leis an ráthaíocht líomhnaithe, thug an Coimisiún dá aire sa chinneadh tosaigh gurbh é an toradh a bhí air go ndearnadh na cearta eisiacha a deonaíodh do FDJ a dhaingniú a thuilleadh. Thug sé sin buntáiste do FDJ trí luach na gceart eisiach a mhéadú, ar cearta iad nár mhór a mheas agus a chur san áireamh agus an luach saothair atá dlite ar na cearta eisiacha á riomh. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur ghá anailís a dhéanamh ar dhaingniú na gceart agus measúnú á dhéanamh aige ar an táille. A mhéid a bhaineann leis an mbuntáiste cánach líomhnaithe, thug an Coimisiún dá aire gur cuireadh stádas cánach FDJ san áireamh go hindireach agus measúnú á dhéanamh ar an táille ós rud é gur cuireadh na buntáistí airgeadais uile a deonaíodh do FDJ san áireamh agus leibhéal an luacha saothair le haghaidh na gceart eisiach á sheiceáil.

- (22) De réir tuarascáil airgeadais mhionsonraithe ó údaráis na Fraince dar dáta an 13 Meán Fómhair 2019, measadh go raibh luach teoriciúil chearta eisiacha FDJ roimh athchóiriú na gceart sin le Dlí PACTE idir EUR [...] * milliún agus EUR [...] milliún. I dtuairim údaráis na Fraince, dhéanadh an t-athchóiriú difear don luach teoriciúil sin:
- (a) ar bhealach diúltach, ós rud é go raibh na cearta eisiacha teoranta do 25 bliana, cé gur deonaíodh iad roimhe sin ar feadh tréimhse éiginnte (arb ionann é agus laghdú idir EUR [...] milliún agus EUR [...] milliún ar an luach a mheastar sa tuarascáil airgeadais);
 - (b) ar bhealach dearfach, ós rud é gur daingníodh na cearta eisiacha ⁽¹⁴⁾ agus go raibh an creat cánach níos cobhsaí ⁽¹⁵⁾, rud a d'fhág go raibh plean gnó ann nach raibh an riosca céanna ag baint leis ná mar a bhí faoi na forálacha roimhe seo (arb ionann é agus méadú idir EUR [...] milliún agus EUR [...] milliún ar an luach a mheastar sa tuarascáil airgeadais);
 - (c) ar bhealach diúltach, i bhfianaise éifeachtaí comhcheangailte an athraithe ar chánachas le linn an phlean gnó agus costais bhreise eile arna dtabhú ag FDJ mar thoradh ar Dhlí PACTE, e.g. árachas riosca contrapháirtí agus costais mhargaíochta (arb ionann iad agus laghdú ar an luach a mheastar sa tuarascáil airgeadais ag EUR [...] milliún).
- (23) Dá bhrí sin, measadh gurbh é EUR [...] luach teoriciúil chearta eisiacha FDJ tar éis athchóiriú Dhlí PACTE (a d'fhéadfadh a bheith éagsúil idir EUR [...] agus EUR [...] ag brath ar mheánchostas ualaithe an chaipitil agus ar an ioncam ó na cearta eisiacha).
- (24) Dá bhrí sin, mheas údaráis na Fraince go raibh an luach saothair a bhí dlite ag FDJ dá chearta eisiacha idir EUR 121 milliún agus EUR 748 milliún ⁽¹⁶⁾, rud a chomhfhreagraíonn do thionchar airgeadais Dhlí PACTE.
- (25) Tar éis don Choimisiún a thuairim a chur in iúl maidir le sealúchais agus aistrithe ('CPT'), tháinig údaráis na Fraince ar an gconclúid go mbeadh ar FDJ luach saothair EUR 380 milliún a íoc, rud a léiríonn meastachán cóir ar an difríocht idir luach teoriciúil chearta eisiacha FDJ roimh an athchóiriú a cuireadh chun feidhme le Dlí PACTE agus luach teoriciúil na gceart sin tar éis an athchóirithe.

3.2. An cinneadh tosaigh

- (26) Sa chinneadh tosaigh, cheistigh an Coimisiún an cur chuige a ghlac údaráis na Fraince (modh difreálach) agus cé acu an raibh nó nach raibh an táille comhsheasmhach leis an bpraghas margaidh. Murab amhlaidh an cás, bheadh buntáiste iomaíoch ag FDJ.
- (27) Thug an Coimisiún dá aire gur mheas ⁽¹⁷⁾ sé sa chinneadh maidir leis an oibreoir Gréagach OPAP ('fasach OPAP') go raibh an chabhair comhsheasmhach leis an bpraghas margaidh ar choinníoll nár cheadaigh an stát don sealbhóir cirt ach toradh réasúnta ⁽¹⁸⁾. Thug sé dá aire freisin sa chinneadh sin gur modh iomchuí ⁽¹⁹⁾ é sreabhadh airgid lascainithe chun brabús réasúnach a chinneadh.
- (28) Sa chinneadh tosaigh, chuir an Coimisiún in iúl, cé gur bhain údaráis na Fraince úsáid as modh an tsreafa airgid chun an luach saothair atá dlite ag FDJ a chainníochtú, gur imigh siad ón gcur chuige a lean údaráis na Gréige i bhfasach OPAP. Ar bhonn an mhodha dhifreálaigh, bhí siad ag brath ar chomparáid idir luach teoriciúil chearta eisiacha FDJ roimh athchóiriú Dhlí PACTE agus luach teoriciúil na gceart sin tar éis an athchóirithe, ach sa chur chuige a glacadh i gcás OPAP cuireadh san áireamh gineadh torthaí amach anseo thar thréimhse an cheadúnais.

(*) *Faisnéis rúnda.*

⁽¹⁴⁾ Roimhe seo, d'fhéadfadh an rialtóir tairbhí na gceart sin a tharraingt siar ó FDJ tráth ar bith ach bhí siad deonaithe anois do FDJ le dlí agus ní fhéadfadh ach an reachtas iad a tharraingt siar.

⁽¹⁵⁾ Socraíodh tobhaigh phoiblí go bliantúil roimhe sin. Mar thoradh air sin, is minic a leasaigh an stát na tobhaigh phoiblí ar FDJ, rud a chruthaigh éiginnteacht maidir lena bhrabúsacht.

⁽¹⁶⁾ Raon tásach tar éis plean gnó FDJ a thabhairt cothrom le dáta.

⁽¹⁷⁾ Féach an Cinneadh ón gCoimisiún an 4 Eanáir 2013 i gcás SA.33988 (IO C 1, 4.1.2013, lch. 7), aithrisí 28-29 agus 32, arna dheimhniú le breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 8 Eanáir 2015, *Club Hotel Loutraki agus Eile v an Coimisiún*, T-58/13, ECLI:EU:T:2015:1, agus le breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 21 Nollaig 2016, *Club Hotel Loutraki agus Eile v an Coimisiún*, Cás C-131/15 P, ECLI:EU:C:2016:989.

⁽¹⁸⁾ An toradh íosta is gá chun costais oibriúcháin agus caipitil a eascraíonn as feidhmiú ceart móide brabús réasúnta a chumhdach.

⁽¹⁹⁾ Modh is ea sreabhadh airgid lascainithe a úsáidtear chun luach sócmhainne nó gnóthais a mheas trí shreafaí airgid todhchaí a bhfuil coinne leo a lascaint chuiú a luach láithreach. Cuirtear san áireamh ann an t-am agus an riosca a bhaineann leis na sreafaí sin sa todhchaí.

- (29) Cheistigh an Coimisiún cé acu a choinnigh nó nár choinnigh FDJ toradh réasúnach tar éis athchóiriú Dhlí PACTE, toisc gur choinnigh an modh ríofa a chuir an Fhrainc i láthair na torthaí roimh an athchóiriú, gan aon léiriú a thabhairt ar cé acu a bhí nó nach raibh siad féin réasúnta.
- (30) Chuir an Coimisiún i gcoinne sheasamh údarais na Fraince freisin, mar gheall ar leanúnachas sa chás roimh Dhlí PACTE agus ina dhiaidh, go bhféadfaí measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag an líon teoranta leasuithe ar an dlí ar luach na gceart eisiach trí úsáid a bhaint as an modh difreálach. Ba é réamhthuairim an Choimisiúin nach raibh cearta eisiacha FDJ roimh Dhlí PACTE slán agus go bhféadfaí iad a chúlghairm. Ar an mbonn sin, bhí amhras air go raibh údar leis an modh difreálach. Cheistigh an Coimisiún freisin inchreidteacht cheart FDJ chun cúitimh ar bhonn dhliteanas gan locht an stáit dá ndéanfaí na cearta eisiacha a chúlghairm amach anseo.
- (31) Fiú dá mba rud é go raibh údar leis an modh difreálach, cheistigh an Coimisiún luach na gceart eisiach roimh Dhlí PACTE agus ina dhiaidh mar a mheas an Fhrainc le haghaidh an ríomha sin.
- (32) Ar deireadh, ar bhonn níos ginearálta, chuir an Coimisiún in iúl gur cosúil go raibh an luach saothair EUR 380 milliún íseal i gcomparáid leis an luach saothair a d'íoc OPAP as margadh níos lú na Gréige agus as cearta níos teoranta.
- (33) Thug an Coimisiún dá aire sa chinneadh tosaigh, cé is moite den amhras sin faoi cé acu a bhí nó nach raibh buntáiste ann, gur chosúil gur comhlíonadh na critéir eile go léir maidir le haicmiú mar státchabhair. Luaigh an Coimisiún, dá ndeimhneofaí an buntáiste iomaíoch agus dá n-aicmeofaí an beart mar státchabhair, nach raibh aon fhianaise aige chun teacht ar an gconclúid go raibh an beart comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

4. BARÚLACHA Ó PHÁIRTITHE LEASMHARA

- (34) Thug dhá pháirtí leasmhara barúil faoin gcinneadh tosaigh chun tacú le húdarais na Fraince (FDJ agus UBFT/FNAM), agus dheimhnigh ceithre pháirtí leasmhara ina mbarúlacha an t-amhras a chuir an Coimisiún in iúl sa chinneadh tosaigh (EGBA, BGC, AFJEL, BETCLIC).

4.1. **Páirtithe a thacaíonn le húdarais na Fraince**

4.1.1. **FDJ**

- (35) Ar an gcéad dul síos, chuir FDJ i gcoinne dhearbhuí an Choimisiúin gur cearta nua iad na cearta a eascraíonn as Dlí PACTE agus d'áitigh sé gur leanúint de na cearta a bhí ann roimh Dhlí PACTE iad na cearta i ndiaidh Dhlí PACTE.
- (36) Ar an gcéad dul síos, d'áitigh FDJ nár aisghaireadh le Dlí PACTE na cearta a bhí ann roimh Dhlí PACTE a deonaíodh dó chun iad a athshannadh. Mheas sí gur leanúint de na cearta a bhí ann roimh Dhlí PACTE iad na cearta i ndiaidh Dhlí PACTE, mar a deimhníodh sa tuarascáil ullmhúcháin pharlaiminte maidir le Dlí PACTE, inar luadh gur coinníodh na cearta eisiacha ⁽²⁰⁾. D'áitigh FDJ gur léir ón measúnú tionchair ar dhréacht dlí an 18 Meitheamh 2018 ⁽²¹⁾ gurbh é cuspóir an athchóirithe dlúthrialú stáit a choinneáil ar chuideachta phríobháidithe agus é sin amháin agus socruithe oibriúcháin áirithe a shoiléiriú.
- (37) Ar an dara dul síos, d'áitigh FDJ nach raibh aon athrú ar raon feidhme na gceart a eascraíonn as Dlí PACTE, mar a léirítear i ndoiciméid pharlaiminteacha ⁽²²⁾. D'áitigh sí nach ndearna an creat rialála nua a leagadh amach in athchóiriú 2019 ach na socruithe a bhí ann cheana a shoiléiriú agus a shonrú trí shainmhínte beachta a thabhairt isteach ar na cluichí a d'oibrigh sé, gan an raon feidhme a athrú.
- (38) Ar an tríú dul síos, mar fhreagairt ar aithris 101 den chinneadh tosaigh, d'áitigh FDJ nach raibh saintréithe nua ag baint leis na cearta eisiacha a eascraíonn as Dlí PACTE.

⁽²⁰⁾ Tuarascáil Uimh. 1088 an 15 Meán Fómhair 2018 thar ceann an choiste pharlaimintigh speisialta a bhfuil sé de chúram air dréacht-Dlí PACTE a scrúdú, leis an Uasal Barrot, an tUasal Dubost, an tUasal Lebec agus an tUasal Sommer, lch. 799.

⁽²¹⁾ Measúnú tionchair ar an dréacht-dlí maidir le fás agus claochlú gnó, 18 Meitheamh 2018, lch. 440.

⁽²²⁾ Féach an tuarascáil faisnéise ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíocha maidir le cur chun feidhme Dhlí Uimh. 2019-486 an 22 Bealtaine 2019 maidir le fás agus claochlú gnó: https://www.assemblee-nationale.fr/dyn/15/rapports/cion-eco/115b2619_rapport-information.

- (39) Ar an gceathrú dul síos, d'áitigh sé nach ndearna Dlí PACTE ach an 'meán dlíthiúil' a athrú chun cearta eisiacha a úsáid i gcomhthéacs phríobháidiú FDJ. Is é sin le rá, tháinig na cearta eisiacha a d'eascair roimhe seo ó théacsanna rialála as reachtaíocht anois.
- (40) Ansin, d'easaontaigh FDJ nach raibh na cearta a bhí ann roimh Dhlí PACTE slán.
- (41) Ar an gcéad dul síos, thug sé dá aire gur aithníodh i ndlí na Fraince prionsabal na ngníomhartha lena gcruthaítear cearta in-aisghairthe, rud as ar eascair cúiteamh nuair a cúlghaireadh é.
- (42) Ar an dara dul síos, d'áitigh sé gur tháinig na cearta roimh Dhlí PACTE faoin gcatagóir sin agus go ndámhfaí cúiteamh do FDJ dá ndéanfaí iad a chúlghairm.
- (43) Ar an tríú dul síos, d'áitigh sé nach raibh na cearta i ndiaidh Dhlí PACTE doshannta agus gurbh fhéidir faoin dlí sin cearta eisiacha FDJ a tharraingt siar.
- (44) Ina dhiaidh sin, d'áitigh FDJ nach raibh an luach saothair le haghaidh na gceart eisiach faoi Dhlí PACTE níos ísle ná an luach saothair le haghaidh chearta eisiacha OPAP.
- (45) Ar an gcéad dul síos, d'áitigh sé go raibh EUR 300 milliún den luach saothair EUR 375 milliún i gcás OPAP ina shuim a d'íoc OPAP in 2011 mar airleacan ar chuid de na tobhaigh phoiblí a bhí dlite uaidh le haghaidh 2020-2030 agus nár cheart ach an EUR 75 milliún a bhí fágtha a mheas mar an táille le haghaidh na gceart eisiach.
- (46) Ar an dara dul síos, d'áitigh FDJ go raibh air tobhaigh phoiblí shonracha níos mó a íoc ⁽²³⁾ ná OPAP (2,5 oiread níos mó tobhach do FDJ idir 2011 agus 2020) agus go raibh a ghlanbhrabús i bhfad níos ísle ná brabús OPAP sa tréimhse sin (EUR 1,3 billiún le haghaidh FDJ i gcomparáid le EUR 2,4 billiún le haghaidh OPAP).
- (47) Ar deireadh, d'áitigh FDJ, roimh Dhlí PACTE, go raibh fad a cheart gan teorainn ó 2006 i leith agus nach bhféadfaí iad a tharraingt siar ag an am sin ach amháin dá ndéanfadh an stát é a chúiteamh.

4.1.2. UBFT/FNAM

- (48) D'easaontaigh an dá chomhlachas sin le dearbhú an Choimisiúin nach raibh cearta FDJ roimh Dhlí PACTE slán agus go bhféadfaí iad a chúlghairm ⁽²⁴⁾. Mhaígh siad nach bhféadfaí na cearta a thabhairt faoi cheist go tobann agus gan chúiteamh. D'áitigh siad gur dheimhnigh an rialtas (le linn léirscaoileadh 2010) agus cúirteanna na Fraince (an Chomhairle Stáit agus an Chúirt um Achomharc Deiridh in 2000 ⁽²⁵⁾, 2007 ⁽²⁶⁾, 2009 ⁽²⁷⁾, 2011 ⁽²⁸⁾ agus 2013 ⁽²⁹⁾) na cearta eisiacha go mion minic agus chuir siad in iúl gur chuir an Coimisiún deireadh in 2017 leis na nósanna imeachta éagsúla maidir le sárú agus leis na gearáin éagsúla maidir le cearrbhachas.
- (49) D'easaontaigh an dá chomhlachas freisin le dearbhú an Choimisiúin nach mbeadh FDJ in ann cúiteamh a éileamh dá ndéanfaí na cearta a chúlghairm. Dar leo, mheasfadh cúirteanna na Fraince gur de chineál tromchúiseach agus eisceachtúil é cearta a chúlghairm agus, dá bhrí sin, go mbeadh ceart chun cúitimh ann dá bharr. Thug siad dá aire go raibh fasach ann inar deonaíodh cúiteamh tar éis don stát cearta eisiacha crannchuir a chúlghairm ⁽³⁰⁾.

⁽²³⁾ Go háirithe, ranníocaíochtaí slándála sóisialta (CSG, CRDS), cáin agus tobhaigh shóisialta ar ghealltóireacht spóirt, tobhach forbartha spóirt, CBL, dleacht stampála.

⁽²⁴⁾ Féach aithris 109 den chinneadh tosaigh.

⁽²⁵⁾ An Chomhairle Stáit, 15 Bealtaine 2000, *Confédération française des professionnels en jeux automatiques*, Uimh. 202666.

⁽²⁶⁾ An Chomhairle Stáit, 12 Márta 2007, *Syndicat des casinos modernes de France*, Uimh. 295882.

⁽²⁷⁾ An Chúirt um Achomharc Deiridh, An Rannán Coiriúil, 3 Meitheamh 2009, Uimh. 08-82.941.

⁽²⁸⁾ An Chomhairle Stáit, an 30 Nollaig 2011, *Stanley International Betting Limited*, Uimh. 330604.

⁽²⁹⁾ An Chomhairle Stáit, an 10 Iúil 2013, *Stanley International Betting Limited*, Uimh. 357359.

⁽³⁰⁾ In 1975, deonaíodh an ceart eisiach do GIE Prelo, a raibh UBFT agus FNAM mar chuid de, an Loto a oibriú ar feadh 10 mbliana. In 1978, áfach, chinn an stát cearta GIE Prelo a tharraingt siar agus oibriú an Loto náisiúnta agus an chrannchuir náisiúnta a chur de chúram ar Société de la Loterie Nationale et du Loto national ('SLNLN'). Mar thoradh ar tharraingt siar na gceart, tugadh cúiteamh do chomhaltaí GIE Prelo: leithdháileadh (i) 49 % den chaipiteal orthu le haghaidh ranníocaíocht ainmniúil EUR [...] milliún agus (ii) coimisiún ar gheallta Loto. De réir UBFT agus FNAM, fuair iarchomhaltaí GIE Prelo, agus coigeartú á dhéanamh don bhoilsciú, thart ar EUR [...] milliún i gcúiteamh idir 1979 agus 2008 as páirtchailleanas a gceart eisiach ar an Loto.

- (50) Ar deireadh, contrártha d'argóint an Choimisiúin sa chinneadh tosaigh ⁽³¹⁾, mheas siad gur íoc FDJ luach saothair leis an stát as a chearta eisiacha i bhfoirm cánacha agus tobhaigh neamhchánach ó 1978 i leith. Bhí na deiceanna billiún íoctha ag FDJ leis an stát le linn na tréimhse 1978-2019 trí thobhaigh shonracha ar chluichí; rinne an stát tarraingt siar aontaobhach [...] milliún franc in 1983 agus *tarraingt siar* [...] milliún franc in 1985; idir 1988 agus 2017, bhí *a bhrabús indáilte* [...] íoctha ag FDJ lena scairshealbhóirí, a ndeachaigh 72 % díobh chuig an stát dá bhrí sin.

4.2. **Páirtithe a mheasann go bhfuil bunús maith leis an amhras a cuireadh in iúl sa chinneadh tosaigh**

4.2.1. **EGBA**

- (51) Ag brath ar fhasach OPAP, d'áitigh EGBA nár leor an luach saothair a d'íoc FDJ mar mhalairt ar na cearta eisiacha.
- (52) Thug EGBA dá aire go raibh an luach saothair a bhí iníoctha ag FDJ i bhfad níos ísle ná glanluach láithreach na gceart eisiach, rud a d'fhág gur toradh é a bhí de bhreis ar brabús réasúnta. D'áitigh EGBA gur mícheart a bhí an modh a d'úsáid údarais na Fraince chun an luach saothair atá dlite a shocrú (modh difreálach) agus a meastacháin (luach na gceart roimh PACTE agus i ndiaidh PACTE) araon.
- (53) Mheas sé go raibh bunús maith leis an amhras ar fad a chuir an Coimisiún in iúl sa chinneadh tosaigh agus dá dtagraítear in aithrisí 26-32 den chinneadh sin.

4.2.2. **AFJEL/BGC**

- (54) D'áitigh AFJEL agus BGC nár leor an luach saothair EUR 380 milliún is iníoctha ag FDJ as na cearta eisiacha thar thréimhse 25 bliana (2019-2044).
- (55) Choinnigh AFJEL agus BGC a ndearbhú nach raibh an luach saothair EUR 380 milliún i gcomhréir leis an bpraghas margaidh. Ar an gcéad dul síos, d'áitigh siad go raibh an modh a úsáideadh chun an táille a ríomh mícheart toisc go raibh sé contrártha d'fhasach OPAP. Chuir siad i gcoinne argóint údarais na Fraince go raibh cearta FDJ i ndiaidh Dhlí PACTE ag leanúint dá chearta roimh Dhlí PACTE agus nár chearta nua iad: bhí siad den tuairim gur tugadh isteach creat dlíthiúil nua le Dlí PACTE, lena mbaineann athruithe móra ar na socruithe a bhí ann roimh Dhlí PACTE. D'áitigh siad freisin gur cheart an luach saothair a ríomh agus gach cabhair neamhdhleathach a fuarthas le linn na tréimhse 2010-2019 á cur san áireamh. Ar an dara dul síos, dúirt siad nach raibh aon cheart chun cúitimh ag FDJ dá dtarraingeofaí siar na cearta eisiacha. Ar an tríú dul síos, d'áitigh siad nár measadh an luach saothair i gceart toisc go raibh údarais na Fraince mícheart chun glacadh leis go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag an athchóiriú ar FDJ. Go deimhin, rinneadh na cearta eisiacha a d'fhéadfadh sé a úsáid agus an t-ioncam a tháinig as sin a dhaingniú agus a dheimhniú agus leathnaíodh a raon feidhme, agus bhí córas cánach níos buntáistí aige. Ar an gceathrú dul síos, d'áitigh siad nár chuir an Fhrainc luach ar raon feidhme leathnaithe na ndeiseanna cearrbhachais a thairgtear do FDJ faoi na cearta eisiacha i ndiaidh Dhlí PACTE.

4.2.3. **BETCLIC**

- (56) Ina bharúlacha, chuir BETCLIC an Coimisiún ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí leanúnacha os comhair na Comhairle Stáit a bhí ag iarraidh agóid a dhéanamh i gcoinne na bhforaitheanta a glacadh ar bhonn Ordú 2019 (féach aithris 16 den chinneadh seo).
- (57) Chuir BETCLIC na hiarratais a taisceadh leis an gComhairle Stáit ar aghaidh chuig an gCoimisiún, inar áitigh sé, ag brath ar fhasach OPAP, nár leor an luach saothair a d'íoc FDJ mar mhalairt ar na cearta eisiacha.

⁽³¹⁾ Féach aithris 98 den chinneadh tosaigh.

5. BARÚLACHA Ó NA hÚDARÁIS FHRANCACHA

- (58) Thug údaráis na Fraince freagra an 26 Bealtaine 2020 ar litreacha ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2020 agus an 13 Márta 2020. Chuir siad barúlacha isteach an 3 Samhain 2021 maidir leis an gcinneadh tosaigh an 26 Iúil 2021 agus sheol siad barúlacha breise an 22 Aibreán 2022.
- (59) Ar an gcéad dul síos, d'áitigh údaráis na Fraince nár cúlghaireadh na cearta le Dlí PACTE agus gur sannadh cearta nua leis ach gur leasaíodh an creat dlíthiúil le haghaidh na gcearta a bhí ag FDJ cheana féin. Bhí siad den tuairim, (i) nár tháinig aon athrú ar chineál dlíthiúil na gcearta eisiach ná ar a raon feidhme; (ii) nár giorraíodh ach fad na gcearta (ó thréimhse neamhtheoranta go 25 bliana) agus (iii) go ndearnadh an creat dlíthiúil, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an gcóras cánach agus cruthú údaráis rialála, a ghéarú agus go ndearnadh raon feidhme na gcearta a shoiléiriú i nDlí PACTE. Bhraith údaráis na Fraince ar anailís ghinearálta ar Dhlí PACTE, bunaithe ar dhoiciméid pharlaiminteacha⁽³²⁾ agus ar sheasaimh na Comhairle Stáit⁽³³⁾, ar an tráthchlár maidir le teacht i bhfeidhm na leasuithe éagsúla ar na cearta eisiacha, a rinneadh ar dhátaí éagsúla, agus ar léirmhíniú aontú CPT leis an mbreithniú airgeadais atá dlite ag FDJ faoi Dhlí PACTE⁽³⁴⁾.
- (60) Ar an dara dul síos, a mhéid a bhaineann leis an luach saothair le haghaidh na gcearta eisiach, bhí údaráis na Fraince den tuairim nach ndearnadh gannmheastachán air trí chomaoín airgeadais FDJ a ríomh agus úsáid á baint as an modh difreálach.
- (61) Thug siad dá aire nach raibh an modh chun meastachán a dhéanamh ar an gcomaoín inchomparáide leis an modh i bhfasach OPAP, ós rud é go raibh cearta eisiacha ag FDJ ar feadh tréimhse éiginnte roimh Dhlí PACTE. Thairis sin, níor deonaíodh cearta eisiacha nua dó, ach bhí na cearta a bhí aige cheana daingnithe agus teoranta ó thaobh ama de. Ina theannta sin, mheas siad gur cuireadh luach chearta eisiacha urraithe FDJ san áireamh agus an chomaoín airgeadais á ríomh.
- (62) Ar an tríú dul síos, d'áitigh údaráis na Fraince, faoin modh difreálach, nár measadh luach teoiriciúil na gcearta i ndiaidh Dhlí PACTE faoina luach ós rud é nár thug an dlí deis do FDJ cluichí nua a fhorbairt.
- (63) D'áitigh údaráis na Fraince go ndearna CPT an táille a mheas go neamhspleách de réir cur chuige ilchritéar ag úsáid modhanna oibiachtúla ar bhonn tuarascálacha arna dtarraingt suas ag bainc a thugann comhairle do stát na Fraince.
- (64) Ar an gceathrú dul síos, chuir údaráis na Fraince in iúl, cé nár íocadh aon luach saothair go foirmiúil faoin dlí maidir le státhabhair roimh Dhlí PACTE, go raibh íocaíochtaí substaintiúla déanta ag FDJ leis an stát ón tráth a cruthaíodh é trí thobhach ar mhéideanna a cuireadh.
- (65) D'áitigh siad freisin nárbh fhéidir cás FDJ a chur i gcomparáid le cás OPAP, a raibh baint aige le cearta nua a dheonú agus le síneadh a chur le cearta a bhí ar tí dul in éag, ach i gcás FDJ ní dhearna an Fhrainc ach úsáid a bhaint as Dlí PACTE chun cearta a deonaíodh go leanúnach do FDJ a leasú. D'áitigh siad freisin go raibh an luach saothair EUR 380 milliún inchomparáide leis an luach saothair ar ghlac an Coimisiún leis i bhfasach OPAP. Ríomh údaráis na Fraince, i gcomhréir le hollioncam cearrbhachais FDJ agus OPAP faoi seach⁽³⁵⁾, go raibh na táillí a gearradh ar gach oibreoir comhchosúil, mura raibh siad an-chosúil lena chéile.
- (66) Ar an gcúigiú dul síos, mhaígh údaráis na Fraince nach ndearna an beart atá i gceist difear don iomaíocht ós rud é go raibh monaplacht dhlíthiúil ag FDJ, mar oibreoir a bhfuil cearta eisiacha aige, rud a d'fhág nach raibh aon iomaíocht ar an margadh ná don mhargadh. Thairis sin, d'áitigh údaráis na Fraince nach dócha go bhféadfadh an buntáiste airgeadais do FDJ a d'eascair as cearta eisiacha a dheonú go mbeadh sé níos deacra d'oibreoirí ó Bhallstáit eile dul isteach i margadh na Fraince ós rud é nach raibh siad in iomaíocht leis na cluichí a thairg FDJ faoi chearta eisiacha.

⁽³²⁾ Féach tuarascálacha parlaiminteacha Uimh. 1088 an 15 Meán Fómhair 2018 thar ceann an choiste pharlaimintigh speisialta ar cuireadh de chúram air dréacht-Dlí PACTE agus Uimh. 254 a scrúdú thar ceann choiste speisialta an tSeanaid ar cuireadh de chúram air dréacht-Dlí PACTE a scrúdú.

⁽³³⁾ Tuairimí Uimh. 394599 agus Uimh. 395021 ón gComhairle Stáit an 14 Meitheamh 2018.

⁽³⁴⁾ Féach Tuairim Uimh. 2019-A.C.-1 ón gCoimisiún an 7 Deireadh Fómhair 2019 maidir le sealúchais agus aistrithe.

⁽³⁵⁾ Ríomh údaráis na Fraince gur cuireadh luach EUR 75 milliún ar chearta eisiacha OPAP, arbh é thart ar 4,8 % dá ollioncam cearrbhachais in 2018 nó 0,48 % in aghaidh na bliana den lamháltas, cé gurbh ionann an EUR 380 milliún chun cearta eisiacha FDJ a dhaingniú agus 7,4 % dá ollioncam cearrbhachais in 2018 nó 0,3 % in aghaidh na bliana den lamháltas.

- (67) Ar an séú dul síos, i meabhrán dar dáta an 15 Aibreán 2022, chuir údaráis na Fraince in iúl nach raibh na cearta neamh-inchúlghairthe mar gheall ar chearta eisiacha FDJ a dhaingniú le Dlí PACTE, ós rud é gur choinnigh an reachtas an chumhacht chun iad a chúlghairm sula ndeachaigh siad in éag. Ina theannta sin, leagadh síos sásra cheana féin i nDlí Uimh. 2010-476 an 12 Bealtaine 2010, arna leasú le hOrdú 2019, lenar féidir leis an rialtóir ceadúnais chearrbhachais FDJ a chur ar fionraí nó a tharraingt siar i gcás nár comhlíonadh na téarmaí formheasta maidir le cluichí a oibriú, chomh maith le sásra lenar féidir le hAire an Bhuiséid oibriú cluiche a chur ar fionraí nó a thoirmeasc ar fhorais beartais phoiblí. Tá feidhm ag na sásraí sin maidir le gach cluiche a oibríonn FDJ faoina chearta eisiacha. Is éard a bhí i gceist leis an tionchar dearfach a bhí ag cearta a dhaingniú faoi Dhlí PACTE aistriú ó chearta eisiacha a sannadh roimhe seo le foraithe ar feadh tréimhse éiginnte chuig cearta eisiacha dá bhforáiltear leis an dlí ar feadh uastréimhse 25 bliana (a raibh préimh riosca laghdaithe mar chuid de chostais chaipitil FDJ mar thoradh air) agus creat cánach níos cobhsaí a bhunú. Cuireadh an tionchar sin san áireamh i meastachán CPT ar an luach saothair atá dlite ag FDJ. Ina theannta sin, chuir údaráis na Fraince in iúl, dar leo, go ndearnadh na rialuithe atá ann cheana ar na cluichí a thairg FDJ a ghéarú go mór leis an athchóiriú agus gur sainíodh raon feidhme a cheart eisiach ar bhealach níos déine mar thoradh ar Dhlí PACTE ⁽³⁶⁾.
- (68) Ar deireadh, chuir údaráis na Fraince an Coimisiún ar an eolas faoi chinntí Uimhreacha 436434, 436450, 436814, 436822, 436866, 436439, 436441 agus 436449 ón gComhairle Stáit an 14 Aibreán 2023 lenar díbheadh iarratais uile na ngearánach ⁽³⁷⁾ agus lenar athdhearbhaíodh go háirithe go raibh cearta eisiacha FDJ leanúnach roimh Dhlí PACTE agus ina dhiaidh. I dtuairim údaráis na Fraince, d'fhorghuainigh sé sin a gcur chuige maidir leis an luach saothair as na cearta eisiacha a ríomh agus úsáid á baint as an modh difreálach.

6. MEASÚNÚ AR AN mBEART

- (69) I gcomhréir le hAirteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), 'aon chabhair a thabharfaidh Ballstát nó a thabharfar trí bhíthin acmhainní stáit i bhfoirm ar bith, agus a bhéarfaidh nó is baolach a bhéarfadh saobhadh ar iomaíocht trí thaobhú le gnóthais áirithe nó le táirgeadh earraí áirithe, ní luífidh sí leis an margadh inmheánach sa mhéid go dtéann sí i gceion ar an trádáil idir Ballstáit'.
- (70) Dá bhrí sin, chun beart a aicmiú mar stáitchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, ní mór dó na coinníollacha carnacha seo a leanas a chomhlíonadh:
- (a) ní mór an beart i gceist a dheonú trí acmhainní stáit agus ní mór dó a bheith inchurtha i leith an stáit;
 - (b) ní mór buntáiste eacnamaíoch a thabhairt leis an mbeart dá thairbhí nó dá thairbhíthe;
 - (c) ní mór an buntáiste sin a bheith roghnaitheach; agus
 - (d) ní mór don bheart atá i gceist iomaíocht a shaobhadh nó bagairt a dhéanamh ar iomaíocht a shaobhadh agus d'fhéadfadh sé difear a dhéanamh do thrádáil idir na Ballstáit.

6.1. Stáitchabhair a bheith ann

6.1.1. Coincheapa an ghnóthais agus na gníomhaíochta eacnamaíche

- (71) I gcomhréir le cásdlí socair, 'cumhdaítear le coincheap an ghnóthais aon eintiteas atá i mbun gníomhaíocht eacnamaíoch, gan beann ar stádas dlíthiúil an eintitis ná ar an mbealach a mhaoineítear é' ⁽³⁸⁾. Dá bhrí sin, braitheann aicmiú eintitis ar leith mar ghnóthas go hiomlán ar chineál a ghníomhaíochtaí. Dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais 'gur gníomhaíocht eacnamaíoch í aon gníomhaíocht arb é atá inti earraí agus seirbhísí a thairiscint ar mhargadh ar leith' ⁽³⁹⁾.

⁽³⁶⁾ De réir údaráis na Fraince, ní raibh aon fhoráil leagtha síos sna rialacha a bhí ann roimh Dhlí PACTE maidir leis an uaslíon cluichí crannchuir a d'fhéadfadh FDJ a oibriú, ach leagtar síos an méid seo a leanas i nDlí PACTE: 140 cluiche crannchuir san iomlán le huasteorainn de 40 cluiche as líne agus 100 cluiche ar líne (féach Airteagal D.322-14 den Chód Slándála Inmheánaí).

⁽³⁷⁾ Cé is moite den iarratas a bhaineann le méid na táille, ar chinn an Chomhairle Stáit bac a chur ar imeachtaí ina leith ar feitheamh chinneadh an Choimisiúin.

⁽³⁸⁾ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 12 Meán Fómhair 2000, *Pavlov agus Eile*, Cásanna Uamtha C-180/98 go C-184/98, ECLI:EU:C:2000:428, mír 74.

⁽³⁹⁾ Féach an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 16 Meitheamh 1987, an *Coimisiún v an Iodáil*, 118/85, ECLI:EU:C:1987:283, mír 7; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 18 Meitheamh 1998, an *Coimisiún v an Iodáil*, C-35/96, ECLI:EU:C:1998:303, mír 36; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 12 Meán Fómhair 2000, *Pavlov agus Eile*, Cásanna Uamtha C-180/98 go C-184/98, ECLI:EU:C:2000:428, mír 75.

- (72) Mar chúiteamh ar íocaíocht, soláthraíonn FDJ cluichí crannchuir (tarraingtí duaiseanna agus cluichí meandracha) agus seirbhís gealltóireachta spóirt (seachas rásaíocht capall) ar an margadh cearrbhachais (i dtaca leis sin, féach roinn 2.1 den Chinneadh seo).
- (73) Dá bhrí sin, is gnóthas é FDJ a dhéanann gníomhaíocht eacnamaíoch de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

6.1.2. *Úsáid acmhainní stáit agus a mhéid is féidir na bearta a chur i leith an stáit*

- (74) I gcomhréir le hAirteagal 107(1) CFAE, ní fhéadfadh ach bearta arna ndeonú ag an stát nó trí acmhainní stáit a bheith ina stáitchabhair. Is dhá choinníoll ar leith iad buntáiste a dheonú go díreach nó go hindíreach trí acmhainní stáit agus a mhéid atá beart den sórt sin inchurtha i leith an stáit, agus ní mór an dá choinníoll sin a chomhlíonadh chun a shuí gurb ann do stáitchabhair ⁽⁴⁰⁾.
- (75) A mhéid a bhaineann leis an gcritéar maidir le hinleagthacht an bhirt don stát, tugann an Coimisiún dá aire gur tugadh isteach an t-athchóiriú ar chearta eisiacha trí bhíthin Dhlí PACTE, Ordú 2019 agus Fhorathne Cur Chun Feidhme Uimh. 2019-1060 an 17 Deireadh Fómhair 2019 ⁽⁴¹⁾. Dá bhrí sin, tá an beart inchurtha i leith an stáit, toisc gur thug sé isteach na gníomhartha dlí atá i gceist.
- (76) Maidir leis an gcritéar a bhaineann le hacmhainní stáit, ba cheart a thabhairt faoi deara gur féidir leis an stát, agus cearta speisialta á ndeonú aige, gníomhú mar rialtóir agus cinneadh dlisteanach a dhéanamh gan an t-ioncam a d'fhéadfaí a bhaint amach murach sin a uasmhéadú, gan teacht air sin faoi na rialacha maidir le stáitchabhair, faoi réir an choinníoll go gcaitear leis na hoibreoirí uile lena mbaineann i gcomhréir le prionsabal an neamh-idirdhealaithe, agus go bhfuil nasc bunúsach idir an cuspóir rialála a bhaint amach agus an t-ioncam roimhe sin ⁽⁴²⁾ a bhaint amach. Sna cásanna sin, ní mór an próiseas roghnúcháin a bheith bunaithe ar chritéir a bhunófar roimh ré ar bhealach trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach ⁽⁴³⁾. I gcás den sórt sin, ní bheadh stáitchabhair á fáil ag na sealbhóirí cirt de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE. Mar sin féin, is léir nach raibh na coinníollacha sin i bhfeidhm sa chás atá i gceist. Thairis sin, tá deonú cirt eisiach idirdhealaitheach de bharr a chineáil féin, sa chaoi nach féidir na coinníollacha thuasluaite a chomhlíonadh. Ní gá go mbeadh aistriú dearfach cistí ann chun a fháil amach go bhfuil acmhainní stáit i gceist. Tá ioncam leanúnach a d'fhabhródh chuig an stát murach sin ina aistriú ar acmhainní stáit ⁽⁴⁴⁾.
- (77) Dá bhrí sin, tá an beart atá i gceist inchurtha i leith stát na Fraince agus deonaíodh é trí acmhainní stáit.

⁽⁴⁰⁾ Féach, mar shampla, an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 16 Bealtaine 2002, *an Fhrainc v an Coimisiún* (Stardust), C-482/99, ECLI:EU:C:2002:294, mír 24; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 5 Aibreán 2006, *Deutsche Bahn AG v an Coimisiún*, T-351/02, ECLI:EU:T:2006:104, mír 103.

⁽⁴¹⁾ I ndáil leis sin, féach aithrisí 16 go 18 den Chinneadh seo.

⁽⁴²⁾ Féach chuige sin Cinneadh ón gCoimisiún an 20 Iúil 2004 maidir le stáitchabhair NN 42/2004 – An Fhrainc – Modhnú ar íocaíochtaí atá dlite ó Orange agus SFR le haghaidh cheadúnais UMTS (IO C 275, 8.11.2005, lch. 3), aithrisí 28, 29 agus 30, ar sheas cúirteanna an Aontais leo (breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 4 Iúil 2007, *Bouygues SA v an Coimisiún*, T-475/04, ECLI:EU:T:2007:196, míreanna 108 go 111 agus 123, agus breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 2 Aibreán 2009, *Bouygues agus Bouygues Télécom v an Coimisiún*, C-431/07 P, ECLI:EU:C:2009:223, míreanna 94 go 98 agus 125). Sa chás sin, maidir le ceadúnais speictrim raidió UMTS a dheonú, rinne an stát ról rialtóir agus bhainisteoir na n-acmhainní poiblí sin ag an am céanna agus shaothraigh sé na cuspóirí rialála a leagtar amach i dTreoir 97/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Aibreán 1997 maidir le creat comhchoiteann le haghaidh údaruithe ginearálta agus ceadúnais aonair i réimse na seirbhísí teileachumarsáide (IO L 117, 7.5.1997, lch. 15). Dheimhniigh Cúirteanna an Aontais, i gcás den sórt sin, nach raibh deonú stáitchabhrach i gceist le ceadúnais a dhámhachtain gan an t-ioncam a d'fhéadfaí a bhaint amach a uasmhéadú, ós rud é go raibh údar leis na bearta i gceist de bharr na gcuspóirí rialála a leagtar amach i dTreoir 97/13/CE agus gur chomhlíon siad prionsabal an neamh-idirdhealaithe. Os a choinne sin, ina breithiúnas an 8 Meán Fómhair 2011 an Coimisiún v an Ísiltír, C-279/08 P, ECLI:EU:C:2011:551, míreanna 88 et seq., níor shainaithin an Chúirt Bhreithiúnais cúiseanna rialála a thabharfadh údar leis an dámhachtain gan cearta astaíochtaí is intrádála faoi shaoirse a chur san áireamh. Féach freisin an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 14 Eanáir 2015, *Eventech v The Parking Adjudicator*, C-518/13, ECLI:EU:C:2015:9, míreanna 46 et seq.

⁽⁴³⁾ Féach an breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 4 Iúil 2007, *Bouygues SA v an Coimisiún*, T-475/04, ECLI:EU:T:2007:196, mír 104.

⁽⁴⁴⁾ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 16 Bealtaine 2000, *an Fhrainc v Ladbroke Racing Ltd agus an Coimisiún*, C-83/98 P, ECLI:EU:C:2000:248, míreanna 48 go 51.

6.1.3. Roghnáíocht

- (78) Chun a mheas gur státabhair atá i gceist le beart, ní mór don bheart a bheith roghnaitheach, is é sin le rá ní mór dó a bheith i bhfabhar 'gnóthais áirithe nó táirgeadh earraí áirithe' de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.
- (79) Baineann an beart a chumhdaítear leis an gCinneadh seo (cearta eisiacha a dheonú do FDJ ar feadh 25 bliana faoi réir íocaíocht EUR 380 milliún mar luach saothair) le FDJ amháin.
- (80) Ós rud é gur cabhair aonair é seo, glactar leis go bhfuil sé roghnaitheach. Ar aon chuma, is é FDJ an t-aon tairbhí de na cearta eisiacha chun cluichí crannchuir as líne agus ar líne agus gealltóireacht spóirt ag an díolphointe a oibriú.

6.1.4. Saobhadh iomaíochta agus éifeacht ar thrádáil

- (81) Meastar go ndéanann beart a dheonaíonn an stát an iomaíocht a shaobhadh nó bagairt go saobhfhar iomaíocht léi i gcás ina bhfuil sé dóchúil go bhfeabhsóidh sé staid iomaíoch an fhaighteora i gcomparáid leis na gnóthais eile lena bhfuil sé in iomaíocht ⁽⁴⁵⁾. Chun gach críche praiticiúla, faightear amach go ginearálta gurb ann do shaobhadh iomaíochta de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE nuair a thugann an stát buntáiste airgeadais do ghnóthas in earnáil léirscaoilte ina bhfuil iomaíocht nó ina bhféadfadh iomaíocht a bheith ann ⁽⁴⁶⁾.
- (82) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil earnáil an chearrbhachais ar líne (gealltóireacht rásaíochta capall, gealltóireacht spóirt agus cluichí pócair ar líne) oscailte don iomaíocht ó tháinig Dlí Uimh. 2010-476 an 12 Bealtaine 2010 i bhfeidhm. Téann FDJ in iomaíocht ar an margadh le haghaidh gealltóireacht spóirt ar líne (seachas rásaíocht capall). Dá bhrí sin, d'fhéadfadh aon bhuntáiste airgeadais a bhaineann le cearta eisiacha a dheonú seasamh iomaíoch FDJ a neartú vis-à-vis gnóthais iomaíocha eile, go háirithe ar mhargadh na gealltóireachta spóirt ar líne.
- (83) I ndáil leis sin, d'áitigh údarais na Fraince nár cosúil go ndéanfaí leis an mbeart seasamh iomaíoch FDJ a neartú vis-à-vis gnóthais iomaíocha eile.
- (84) Áitíonn údarais na Fraince (i) go bhfuil monaplacht dhlíthiúil ag FDJ le haghaidh na ngníomhaíochtaí atá á mbreithniú, rud a chiallaíonn nach bhfuil aon iomaíocht ar an margadh ná le haghaidh an mhargaidh, agus (ii) gur margaí ábhartha iad na gníomhaíochtaí a dhéanann FDJ faoina chearta eisiacha atá éagsúil ó ghníomhaíochtaí cearrbhachais eile atá faoi réir iomaíochta (gealltóireacht rásaíochta capall, gealltóireacht spóirt agus cluichí pócair ar líne).
- (85) Mar a tharlaíonn, ó bunaíodh é, níor chuir aon rud cosc ar FDJ a bheith gníomhach i mBallstáit eile de chuid an Aontais ar mhargaí atá oscailte don iomaíocht nó ó dhul in iomaíocht le hoibreoírí eile le haghaidh cearta eisiacha i mBallstáit eile. Go deimhin, tá FDJ gníomhach i roinnt tíortha seachas an Fhrainc (mar shampla, in 2023, fuair sé Premier Lotteries Ireland, a bhfuil na cearta eisiacha aige chun crannchur náisiúnta na hÉireann a oibriú go dtí 2034). Tá sé gníomhach freisin ar roinnt margaí le haghaidh seirbhísí seachas iad siúd a chumhdaítear le cearta eisiacha, amhaíl gealltóireacht spóirt ar líne.
- (86) Dá bhrí sin, is dóigh go ndéanfaidh an beart saobhadh ar iomaíocht san earnáil chearrbhachais, go háirithe sa mhargadh crannchuir agus gealltóireachta spóirt.
- (87) Maidir leis an gcritéar a bhaineann le difear a dhéanamh do thrádáil, is cásdlí socraithe é nach gá a shuí go bhfuil éifeacht iarbhrí ag an gcabhair ar thrádáil idir na Ballstáit; ina ionad sin, ní mór scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go ndéanfaidh an chabhair difear do thrádáil den sórt sin ⁽⁴⁷⁾. Sa chás seo, trí earnáil an chearrbhachais ar líne a léirscaoileadh, ceadaiódh le Dlí Uimh. 2010-476 an 12 Bealtaine 2010 d'hoibreoírí ó Bhallstáit eile dul isteach i margadh na Fraince. Dá réir sin, d'fhéadfadh an buntáiste airgeadais atá ag FDJ de bhua cearta eisiacha a dheonú é a dhéanamh níos deacra do na hoibreoírí sin dul isteach sa mhargadh agus difear a dhéanamh do thrádáil idir na Ballstáit.

⁽⁴⁵⁾ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 17 Meán Fómhair 1980, *Philip Morris*, 730/79, ECLI:EU:C:1980:209, mír 11. Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 15 Meitheamh 2000, *Alzetta*, Cásanna Uamtha T-298/97, T-312/97 etc., ECLI:EU:T:2000:151, mír 80.

⁽⁴⁶⁾ Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 15 Meitheamh 2000, *Alzetta*, Cásanna Uamtha T-298/97, T-312/97 etc., ECLI:EU:T:2000:151, míreanna 141 go 147; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 24 Iúil 2003, *Altmark Trans*, C-280/00, ECLI:EU:C:2003:415.

⁽⁴⁷⁾ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 14 Eanáir 2015, *Eventech v The Parking Adjudicator*, C-518/13, ECLI:EU:C:2015:9, mír 65; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 8 Bealtaine 2013, *Libert agus eile*, Cásanna Uamtha C-197/11 agus C-203/11, ECLI:EU:C:2013:288, mír 76.

- (88) Mar fhocal scoir, measann an Coimisiún go ndéanann an beart an iomaíocht a shaobhadh nó gur dócha go ndéanfaidh sé an iomaíocht a shaobhadh agus go ndéanfaidh sé difear don trádáil idir na Ballstáit.

6.1.5. Buntáiste geilleagrach a bheith ann

- (89) Chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil beart stáit ina chabhair do ghnóthas faoi Airteagal 107(1) CFAE, ní mór a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil buntáiste eacnamaíoch ag an ngnóthas atá i gceist lena gcuirtear ar a chumas dó costais a sheachaint a d'íocfaí as a acmhainní airgeadais dílse murach sin nó cé acu atá nó nach bhfuil buntáiste aige nach bhfaigheadh sé faoi ghnáthdhálaí margaidh, is é sin le rá, in éagmais idirghabháil an stáit ⁽⁴⁸⁾.
- (90) Maidir le cearta eisiacha a dheonú, tá buntáiste ann mura bhfuil an luach saothair a íocann an tairbhí leordhóthanach lena mheas i gcomhréir leis an bpraghas margaidh ⁽⁴⁹⁾.
- (91) Sa chinneadh tosaigh, cheistigh an Coimisiún an cur chuige a ghlac údaráis na Fraince chun méid an luacha saothair a chainníochtú (modh difreálach) agus chuir sé a amhras in iúl maidir le cé acu a bhí nó nach raibh an méid EUR 380 milliún comhsheasmhach leis an bpraghas margaidh ⁽⁵⁰⁾. Dá bhrí sin, sa Chinneadh sin thug an Coimisiún dá aire gur chosúil go raibh an luach saothair a íocadh as na cearta eisiacha a tugadh i bhfad níos ísle ná an méid a d'fhéadfaí a mheas mar phraghas margaidh, rud a thabharfadh buntáiste do FDJ.

6.1.5.1. An mhodheolaíocht chun an luach saothair a ríomh

6.1.5.1.1. An bonn cirt atá leis an modh difreálach a úsáid chun an cúiteamh le haghaidh 2019 go 2044 a ríomh

- (92) Sa chinneadh tosaigh, bhí an Coimisiún den réamhthuairim gur cearta nua iad na cearta a deonaíodh do FDJ faoi Dhlí PACTE mar gheall ar an athrú ar an gcreat dlíthiúil agus ar shaintréithe nua na gceart eisiach a eascraíonn as an athchóiriú (go háirithe fad na gceart, an luach saothair atá dlite agus daingniú na gceart) ⁽⁵¹⁾.
- (93) Sa chinneadh tosaigh, maidir leis na hargóintí a chuir údaráis na Fraince ar aghaidh bunaithe ar an dearbhú go raibh na cearta ag leanúint de na cearta atá ann cheana, meas an Coimisiún gur argóintí neamhbhailí a bhí iontu. Tháinig sé ar an gconclúid go ndearnadh difear suntasach do chóras na gceart eisiach a bhí ann roimh Dhlí PACTE agus gur leasaíodh é le Dlí PACTE, sa chaoi gur chabhair nua a bhí sa chóras dlí maidir le cearta eisiacha i ndiaidh Dhlí PACTE.
- (94) Tugann an Coimisiún dá aire, mar a léirigh údaráis na Fraince tar éis sheoladh an nós imeachta fhoirmiúil, go raibh cearta eisiacha FDJ ann sular tugadh isteach Dlí PACTE. Díorthaíodh na cearta sin ó dhlíthe a bhí ann roimh Dhlí PACTE, go háirithe Foraitheanta an 9 Samhain 1978 agus an 1 Aibreán 1985. Cé gur aisghaireadh na foraitheanta sin tar éis ghlacadh Dhlí PACTE (agus, dá bhrí sin, tráth a bhí Dlí PACTE ina mheán dlíthiúil do na cearta cheana féin), níor leasaíodh na cearta eisiacha féin ach amháin, níor cúlghaireadh iad. Shonraigh údaráis na Fraince freisin go mbeadh 'fíorshubstaint eacnamaíoch' ag baint leis na cearta roimhe sin ionas go mbeadh FDJ, i bprionsabal, i dteideal cúitimh dá ndéanfaí na cearta sin a chúlghairm. I ndáil leis sin, tugann an Coimisiún dá aire, faoin seanchreat dlíthiúil (a bhí i bhfeidhm roimh Dhlí PACTE) agus faoin gcreat dlíthiúil nua (a eascraíonn as Dlí PACTE),

⁽⁴⁸⁾ Breithiúnas an 11 Iúil 1996, C-39/94, *Syndicat français de l'Express international (SFEI) agus eile v La Poste agus eile*, ECLI:EU:C:1996:285, míreanna 60 agus 61; breithiúnas an 29 Aibreán 1999, C-342/96, *Ríocht na Spáinne v Coimisiún na gComhphobal Eorpach*, ECLI:EU:C:1999:210, mír 41.

⁽⁴⁹⁾ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 22 Bealtaine 2003, *Connect Austria Gesellschaft für Telekommunikation GmbH v Telekom-Control-Kommission, agus Mobilkom Austria AG*, C-462/99, ECLI:EU:C:2003:297, míreanna 92 agus 93. Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 4 Iúil 2007, *Bouygues agus Bouygues Télécom SA v an Coimisiún*, T-475/04, ECLI:EU:T:2007:196, míreanna 101, 104, 105 agus 111.

⁽⁵⁰⁾ Féach aithrisí 98 go 113 den chinneadh tosaigh chun míniú mionsonraithe a fháil.

⁽⁵¹⁾ Cinneadh go raibh dhá shaintréith nua ann: (i) fad na gceart (a deonaíodh roimhe seo ar feadh tréimhse neamhshonraithe, deonaítear anois iad ar feadh tréimhse 25 bliana); (ii) luach saothair a bheith ann atá le híoc leis an stát (cé gur deonaíodh é roimhe sin gan luach saothair a bheith dlite, suíodh méid EUR 380 milliún mar luach saothair as na cearta eisiacha le Foraithe Uimh. 2019-1060 an 17 Deireadh Fómhair 2019); (iii) an riosca laghdaithe go n-athróidh an stát an creat cánach agus raon feidhme na gceart a thugtar (i gcomparáid leis an staid roimhe seo, d'áirithigh an t-athchóiriú na cearta eisiacha agus rinne sé an creat cánach a chobhsú).

go bhféadfaí agus gur féidir cearta eisiacha FDJ a tharraingt siar go dleathach fós (faoi réir socruithe éagsúla). Mar thoradh air sin, ní hionann Dlí PACTE a d'urraigh cearta FDJ agus athrú ar chineál na gceart sin. Ar an gcaoi chéanna, mar a léirigh údarais na Fraince, níor athraigh Dlí PACTE príomhthréithe na gceart. Ní dhearna an Dlí ach athrú a dhéanamh ar na coinníollacha faoina bhféadfaí na cearta sin a fheidhmiú, i gcomhthéacs phríobháidiú FDJ, tríd an gceart cánach a leasú, fad na gceart a shonrú, na cluichí a tháinig faoi raon feidhme na gceart eisiach a shainiú ar bhealach níos beachte, agus údarás rialála a chur ar bun ⁽⁵²⁾.

- (95) Tugann an Coimisiún dá aire gur dheimhnigh an Chomhairle Stáit an measúnú sin ina cinntí an 14 Aibreán 2023 (féach aithris 68) ⁽⁵³⁾. Bhí an Chomhairle Stáit den tuairim freisin gur leagadh amach go soiléir agus go mionsonraithe na cluichí ar ceadáíodh do FDJ iad a oibriú faoi chearta eisiacha mar a cheadaítear le Dlí PACTE, rud a chiallaíonn nach mbeadh FDJ in ann cluichí a fhorbairt, faoina mhonaplacht, i ndeighleoga an chearrbhachais agus na gealltóireachta a bhí oscailte don iomaíocht ⁽⁵⁴⁾. Mheas CPT gur 'cás teoiriciúil seachas an cas a leagtar amach i nDlí PACTE' a bhí sa smaoineamh 'gur foirceannadh na cearta eisiacha a bronnadh ar FDJ ar feadh tréimhse neamhtheoranta agus gur deonaíodh ceadúnas nua do FDJ'. Dheimhnigh CPT freisin nach ndearna Dlí PACTE ach cearta eisiacha FDJ a leasú.

6.1.5.1.2. Cur i bhfeidhm an mhodha dhifreálaigh chun an luach saothair atá le híoc ag FDJ a ríomh

- (96) Cé go measann an Coimisiún go bhfuil údar leis an modh difreálach, i bhfianaise na n-amhras a ardaíodh sa chinneadh tosaigh (féach aithrisí 26 go 32), tá an cheist fós ann cé acu an gcuireann nó nach gcuireann úsáid an mhodha sin ag údarais na Fraince cosc ar bhuntáiste a bheith ann do FDJ.
- (97) Sa chinneadh tosaigh, chuir an Coimisiún amhras in iúl maidir leis na ríomhanna a rinne údarais na Fraince agus an modh difreálach á úsáid acu. Bhain an t-amhras sin leis an méid seo a leanas: (i) luach teoiriciúil na gceart a bheidh ann amach anseo agus tionchar Dhlí PACTE (cás fíorasach) á chur san áireamh ⁽⁵⁵⁾; (ii) luach teoiriciúil na gceart a bheidh ann amach anseo gan tionchar Dhlí PACTE a chur san áireamh (cás frithfhíorasach – modhanna 1 agus 2) ⁽⁵⁶⁾; agus (iii) an fhéidearthacht go bhfaigheadh FDJ cúiteamh ar fhorais dhliteanas gan locht an stáit (cás frithfhíorasach malartach – modh 3).
- (98) Chun an táille a ríomh nuair a glacadh Dlí PACTE, rinne údarais na Fraince meastachán ar luach an phlean gnó i ndiaidh Dhlí PACTE (cás fíorasach) ar dtús agus úsáid á baint as glanluach láithreach ríofa (NPV) na gceart eisiach amach anseo. Bhí an ríomh deireanach sin bunaithe ar an bplean gnó is déanaí le haghaidh na ngníomhaíochtaí a rinneadh faoi chearta eisiacha, a úsáideadh chun luach a chur ar FDJ i gcomhthéacs a thairisceana tosaigh don phobal. Tugann an Coimisiún dá aire gur ceapadh an phlean gnó i ndiaidh Dhlí PACTE ar bhealach réalaíoch agus go bhfuil sé i gcomhréir le réaltacht an mhargaidh, ós rud é go bhfuil sé bunaithe ar réamh-mheastacháin airgeadais arna dtarraingt suas trí úsáid a bhaint as measúiníthe ar ghníomhaíocht FDJ ó ocht n-institiúid airgeadais ⁽⁵⁷⁾. Thairis sin, tá feidhm ag na paraiméadair rialála agus dhlíthiúla atá mar bhonn taca faoin bplean ar feadh thréimhse iomlán na gceart eisiach, lena n-áirítear na socruithe sonracha cánach le haghaidh na gcluichí a eascraíonn as Dlí PACTE féin.

⁽⁵²⁾ I ndáil leis sin, thug an Coimisiún dá aire freisin gur chosúil go raibh sé inchreidte glacadh leis go bhfaigheadh FDJ cúiteamh dá dtarraingeofaí siar na cearta sin, go háirithe i bhfianaise fhasach Loto a leagtar amach le UBFT in aithris 49. Cé go bhfuil sé thar a bheith deacair measúnú a dhéanamh ar leibhéal féideartha cúitimh den sórt sin, glacann an Coimisiún leis go bhféadfadh sé an cúiteamh sonrach as aistriú na sócmhainní is gá chun úsáid a bhaint as na cearta sin a sháru, dá bhforáiltear i gcomhaontú an 29 Nollaig 1978 dá ndearna sé tagairt sa chinneadh tosaigh.

⁽⁵³⁾ Féach na cinntí ón gComhairle Stáit an 14 Aibreán 2023, Uimh. 436434 agus 436439. Níor rialaigh an Chomhairle Stáit go bhféadfadh státchabhair a bheith ann agus chuir sí bac ar na himeachtaí go dtí go ndéanfaidh an Coimisiún cinneadh críochnaitheach maidir leis an bpointe sin. Idir an dá linn, mheas an rapóirtéir poiblí ag an gComhairle Stáit go raibh údar leis an modh a úsáideadh chun an táille a ríomh agus nár sainaithníodh aon earráidí follasacha measúnaithe maidir leis an ríomh.

⁽⁵⁴⁾ Cinneadh Uimh. 436439, mír 21: 'Leagtar amach ar bhealach soiléir mionsonraithe in Airteagail L.322-8 go L.322-9-3 den Chód Slándála Inmheánaí, san fhoclaíocht a tógadh ón Ordú, na cluichí éagsúla, agus na catagóirí agus na raonta díobh, a thagann faoi na cearta eisiacha a thugtar don ghnóthas LFDJ; thairis sin, comhfhreagraíonn an méid thuas do raon feidhme na gcluichí a bhí údaraithe cheana ag LFDJ chun oibriú faoi na forálacha a bhí i bhfeidhm sular tháinig Dlí an 22 Bealtaine 2019 i bhfeidhm'.

⁽⁵⁵⁾ Measadh go raibh luach na gceart i ndiaidh Dhlí PACTE idir EUR [...] agus EUR [...], ag brath ar mheánchostas ualaithe an chaipitil agus an ioncaim ó na cearta eisiacha.

⁽⁵⁶⁾ Measadh gur idir EUR [...] agus EUR [...] a bhí luach na gceart amach anseo roimh Dhlí PACTE.

⁽⁵⁷⁾ Citi, CM-CIC, BNP Paribas Exane, Goldman Sachs, HSBC, Oddo BHF agus Société Générale.

- (99) Ar an dara dul síos, ríomh údaráis na Fraince NPV na gceart eisiach amach anseo ar bhonn an phlean gnó roimh Dhlí PACTE trí úsáid a bhaint as trí mhodh agus 11 chás éagsúla, a raibh gach ceann acu éagsúil i gcomhréir le toimhdí maidir leis an ráta coimisiúin, i.e. sciar na ngeallta a fhabhraíonn do FDJ tar éis na tobhaigh phoiblí shonracha ar chearrbhachas a asbhaint – agus dá bhrí sin luach saothair FDJ ar deireadh – (modh 1), meánchostas ualaithe an chaipitil ('WACC') (modh 2), agus an cúiteamh a bheadh dlite don stát dá ndéanfaí na cearta eisiacha a chúlghairm in 2019 (modh 3). Cé gur iarr CPT go sainráite é, níor úsáideadh modh 3 ach amháin chun modhanna 1 agus 2 a fhorlíonadh.
- (100) Agus teicníc an tsreafa airgid lascainithe (DCF) á cur i bhfeidhm ar mheánchostas ualaithe an chaipitil (WACC), a measadh a bheith thart ar 7 %, rinneadh measúnú le modh 1 (modh 'úsáid an phlean gnó') ar an difríocht i luach chearta eisiacha FDJ ar bhonn na bpleananna gnó roimh Dhlí PACTE agus i ndiaidh Dhlí PACTE a raibh ⁽⁵⁸⁾ tionchar ag roinnt cásanna diúltacha orthu de bharr athruithe díobhálacha féideartha ar an gcreat rialála agus cánach in éagmais Dhlí PACTE.
- (101) Rinneadh an dara plean gnó (roimh Dhlí PACTE, plean gnó frithfhíorasach) a tharraingt suas in dhá chéim.
- (a) Ba é plean gnó FDJ an bunús tosaigh a bhí leis (agus na hathruithe a tháinig as Dlí PACTE á gcur san áireamh). Ceartaíodh é sin ansin chun éifeachtaí éagsúla Dhlí PACTE a chealú (go háirithe na héifeachtaí sin a bhaineann le cánachas agus fad) chun filleadh ar an gcreat cánach agus rialála bunaidh.
- (b) Ina dhiaidh sin, úsáideadh an plean gnó seo mar bhonn do chásanna éagsúla a léiríonn tionchar diúltach sraith cinntí a d'fhéadfadh an stát a dhéanamh maidir le hathruithe ar thobhaigh phoiblí nó ar bheartas ceadúnaithe cearrbhachais.
- (102) Is éard atá i dtrí chás leanúint de chinntí a rinne difear iarbhir don ghnóthas san am a chuaigh thart, amhail cinntí chun luach saothair an ghnóthais a laghdú nó gan cineálacha nua cearrbhachais a údarú. Rinneadh trí chás eile a tharraingt suas ar bhonn staitisticí chun a chinneadh cé na cásanna ba dhóichí a tharlódh. Tugtar achoimre ar na sé chás éagsúla sa tábla thíos.

Tábla 1

Modh 1 – Tuairisc ar na sé chás

Cásanna	Tuairisc
1(a)	Breithníodh cásanna éagsúla a bhain le laghdú ar ráta coimisiúin an ghnóthais trí bhíthin raon um fhilleadh ar an imreoir (RTP). I ngach cás, ardaíodh cánacha go leibhéil éagsúla i gcomhréir le hathruithe a raibh tionchar acu ar an ngnóthas san am a chuaigh thart chun bearta a ionsamhlú a d'fhéadfadh an stát a thabhairt isteach faoin gcreat a bhí i bhfeidhm roimh Dhlí PACTE.
1(b)	
1(c)	
2(a)	Le haghaidh gach cáis, rinneadh 500 ionsamhlú go randamach a léirigh conas a d'fhéadfadh ráta coimisiúin FDJ éabhlóidiú bunaithe ar thrí hipitéis maidir leis an dóchúlacht bhliantúil go dtitfeadh luach saothair FDJ.
2(b)	
2(c)	

- (103) Glacann an Coimisiún leis go bhfuil na sé chás sin bunaithe ar mhodhanna meastacháin atá ábhartha chun an táille sa chás seo a ríomh.
- (104) Thairis sin, aithníonn an Coimisiún go bhfuil sé deacair go bunúsach a thuar conas a d'fhorbródh ráta coimisiúin FDJ thar thréimhse fhada ⁽⁵⁹⁾ ama, ós rud é gur athróg rialála é sin atá faoi réir cinntí beartais.

⁽⁵⁸⁾ Cumhdaíodh tréimhse éiginnte leis an measúnú ar an bplean gnó roimh Dhlí PACTE chun a chur san áireamh gur deonaíodh, go teoiriciúil, na cearta eisiacha go suthain faoin gcreat dlíthiúil roimhe sin.

⁽⁵⁹⁾ Cé go léiríonn sonraí stairiúla laghdú ar an ráta coimisiúin ó 2016 go 2019 agus ó 1997 go 2006, tá sé deacair aon chomparáid a dhéanamh don dara tréimhse mar gheall ar an athchóiriú.

- (105) Le Modh 2 (an modh ‘ag úsáid an WACC’) féachadh le neas-riomh a thabhairt ar an difríocht sa luach a tharla mar gheall ar raon difríochta ráta lascaine (ag glacadh leis go raibh an plean gnó mar an gcéanna). Cosúil le modh 1, tá sé d’aidhm aige cainníochtú a dhéanamh ar an tionchar a bhaineann le cearta eisiacha agus creat cánach FDJ a dhaingniú, ach glacann sé cur chuige difriúil (léiríonn WACC níos airde leibhéal riosca níos airde a chomhfhreagraíonn do chreat cánach agus rialála nach bhfuil chomh cobhsaí agus intuartha). Ríomhtar an raon difríochta ráta lascaine trí chomparáid a dhéanamh idir WACC na ngnóthas atá ag oibriú san earnáil chéanna ach le leibhéal éagsúla slándála a mhéid a bhaineann lena gcreat rialála. Cuireadh ráta lascaine i bhfeidhm maidir leis an bplean gnó roimh Dhlí PACTE⁽⁶⁰⁾ trí úsáid a bhaint as WACC a léirigh préimh riosca i gcomparáid le WACC a úsáideadh agus lascainiú á dhéanamh ar an bplean gnó i ndiaidh Dhlí PACTE. Rinneadh meastachán ar an bpréimh riosca ar dhá bhealach. Bhain Cás 1 úsáid as an difríocht idir luachanna béite na gcuideachtaí crannchuir (...) ar thaobh amháin agus luachanna béite na gcuideachtaí cearrbhachais ar líne agus na gcuideachtaí gealltóireachta spóirt (...) ar an taobh eile, agus tugadh faoi deara go nglactar leis go bhfuil próifíl riosca níos airde ag na cuideachtaí deiridh sin (earnáil atá oscailte don iomaíocht) ná na cuideachtaí tosaigh (a bhfuil monaplachtaí ag cuid acu). Bhain Cásanna 2 agus 3 úsáid as an difríocht sna luachanna WACC a d’fhoilsigh anailísithe a rinne taighde ar sholáthróirí fuinnimh nó cuideachtaí fónais Eorpacha, ag féachaint ar na cuideachtaí fónais ‘neamhrialáilte’ (...) ar thaobh amháin, agus ar chuideachtaí a mheastar a bheith rialáilte agus ag feidhmiú go príomha i réimse an dáilte fuinnimh agus an iompair ar an taobh eile, agus tugtar faoi deara go nglactar leis go bhfuil próifíl riosca i bhfad níos ísle ag na cuideachtaí fónais sin. Na figiúirí go léir a fhaightear i leith na gcásanna éagsúla ag baint úsáide as an modh seo a chuirtear i bhfeidhm ar na pleananna gnó, is féidir meastachán ar mhéid na táille a fháil ó na figiúirí sin.
- (106) Measann an Coimisiún go bhfuil modh 2 ábhartha freisin chun neasluach na táille a ríomh. Thairis sin, cé gur breithníodh toimhdí éagsúla WACC (féach aithris 105), i dtuairim an Choimisiúin bhí sé réasúnta d’údarais na Fraince díriú ar [...] mar ábhair chomparáide chun WACC FDJ a ríomh, i bhfianaise a gcosúlachtaí le FDJ. Tá an chomparáid le gnóthais atá gníomhach in earnáil an fhuinnimh ábhartha freisin, ós rud é go bhfuil an t-idirdhealú idir soláthróirí fuinnimh agus cuideachtaí atá gníomhach go príomha i réimse an dáilte agus an iompair cosúil, ó thaobh próifíl riosca de, leis an gcomparáid idir oibreoirí cearrbhachais ar líne agus oibreoirí gealltóireachta spóirt agus cuideachtaí crannchuir.
- (107) Le Modh 3, an modh ‘forlíontach’ a d’iarr CPT, ionsamhlaíodh iarmhairtí cáis theoiriciúil inar chinn an stát agus an reachtas cearta eisiacha FDJ a fhoirceannadh faoi réir cúiteamh a íoc agus ina dhiaidh sin ceadúnas oibriochta a dheonú do FDJ ar feadh 25 bliana (rud nár chinn an reachtas a dhéanamh agus iad ag vótáil ar Dhlí PACTE). Ríomhtar méid na táille mar an difríocht idir luach an cheadúnais (luach comhcheangailte na sreafaí airgid lascainithe thar 25 bliana agus a mheastar ar bhonn phlean gnó FDJ i ndiaidh Dhlí PACTE) agus méid an chúitimh a íoctar le FDJ ar fhorais dhliteanas gan locht an stáit, arb ionann é agus luach an phlean gnó roimh Dhlí PACTE (comhluach na sreafaí airgid arna lascainiú ag an WACC céanna thart ar 7 % i suthaineacht, lena n-ionchorpraítear an creat cánach roimh Dhlí PACTE agus lena n-ionsamhlaítear tírdhreach cánach atá ag dul in olcas chun éiginnteacht chánach a léiriú), arna iolrú faoi lascaine chúiteach.
- (108) Is mian leis an gCoimisiún a chur i bhfios go láidir go bhfuil sé an-deacair dearcadh a ghlacadh ar fhóntacht na hipitéise ina mbeadh cailíteanas i gceist do FDJ agus ina bhfaigheadh sé cúiteamh as a chearta eisiacha, agus cearta nach bhfuil teoranta ó thaobh ama de, a chúlghairm. Cé gur chuir údarais na Fraince fianaise ar fáil a léiríonn go bhféadfadh FDJ a bheith i dteideal cúitimh go teoiriciúil, bheadh sé an-deacair measúnú a dhéanamh ar mhéid an chúitimh sin, go háirithe mar gheall ar an deacracht a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar an méid ‘dochair’ a d’fhéadfaí a mheas mar ‘neamhghnách’ (aithris 108 den chinneadh tosaigh).
- (109) Tar éis anailís a dhéanamh ar ríomh na táille, sholáthair údarais na Fraince raonta figiúirí ar an gcaoi sin, arb iad seo a leanas a meánmhéid: le haghaidh mhodh 1, EUR [...] milliún; le haghaidh mhodh 2, EUR [...] milliún; agus don mhodh forlíontach, EUR [...] milliún.
- (110) I bhfianaise na dtosca thuas, luaigh CPT go ndearna sé scrúdú ar na tosca tionchair a cuireadh chun cinn agus ar na modhanna éagsúla a chuir údarais na Fraince isteach, agus thug sé le fios go raibh figiúr EUR 380 milliún mar tháille de thoradh ar a mheasúnú féin. Ní raibh údarais na Fraince in ann a rá go cinnte cé na paraiméadair a d’úsáid CPT chun teacht ar an bhfigiúr EUR 380 milliún, ach chuir an Fhrainc in iúl gurbh é EUR 377 milliún meán na meánfhiigiúirí⁽⁶¹⁾ a táirgeadh trí úsáid a bhaint as na cuir chuige luachála éagsúla, agus go raibh sé sin gar do mhéid riofa na táille dá bhrí sin.

⁽⁶⁰⁾ Cumhdaíodh tréimhse éiginnte leis an measúnú ar an bplean gnó roimh Dhlí PACTE chun a chur san áireamh gur deonaíodh, go teoiriciúil, na cearta eisiacha go suthain faoin gcreat dlíthiúil roimhe sin.

⁽⁶¹⁾ Ríomhtar meán na meán mar a leanas: [...].

- (111) D'iarr an Coimisiún ar an bhFrainc modh malartach a fhorbairt (modh 4) chun an táille a ríomh bunaithe ar chás malartach teoriciúil, i bhfianaise a himní maidir le fad na gceart eisiach in éagmais Dhlí PACTE (cás frithfhórasach) faoi mhodhanna 1, 2 agus 3. Sa chinneadh tosaigh (aithrisí 106 agus 107), chuir an Coimisiún amhras in iúl maidir le réasúntacht na buntoimhde sa chás frithfhórasach trína mbeadh FDJ in ann úsáid a bhaint as a chearta ar feadh tréimhse éiginnte faoi réir na dtéarmaí céanna.
- (112) Tá modh 4 bunaithe ar thráthchlár athbhreithnithe le haghaidh na gceart eisiach sa chás frithfhórasach agus, dá thoradh sin, ar choigeartuithe ar na rátaí coimisiúin le himeacht ama, a dtugtar sonraí ina leith sna míreanna seo a leanas.
- (113) Faoi mhodh 4, tá teorainn 25 bliana ar na coinníollacha roimh Dhlí PACTE maidir leis na cearta eisiacha. Tá sé sin níos coimeádaí ná an hipitéis a úsáideadh sna trí mhodh bhunaidh, lena nglactar leis, in éagmais Dhlí PACTE, go leanfadh FDJ dá chearta eisiacha uile a úsáid gan aon teorainn ama agus ar théarmaí comhionanna.
- (114) Dar leis an gCoimisiún, níl sé cinnte an mbeadh FDJ in ann a chearta eisiacha a úsáid ar feadh tréimhse éiginnte faoin gcreat a bhí ann roimh Dhlí PACTE, fiú mura nglacfaí Dlí PACTE, go háirithe toisc go ndearnadh an creat rialála a choigeartú go rialta san am a chuaigh thart agus toisc gur chinn an Fhrainc, agus Dlí PACTE á thabhairt isteach aici, teorainn a chur le fad na gceart eisiach (go 25 liana) nuair a aistríodh formhór chaipiteal FDJ chuig an earnáil phríobháideach. Le Modh 4 is féidir an éiginnteacht sin a chur san áireamh tríd an toimhde go mbeadh deireadh fós lena chearta eisiacha tar éis 25 bliana a thabhairt isteach sa chás frithfhórasach – in éagmais Dhlí PACTE agus gan FDJ a bheith príobháidithe. I bhfianaise forbairtí eacnamaíocha (amhail teacht chun cinn oibreoirí cearrbhachais ar líne tar éis léirscaoileadh 2010), measann an Coimisiún go bhfuil fad 25 bliana níos réadúla ná tréimhse ama neamhshonraithe. Is féidir é sin a mheas mar rud coimeádach ós rud é, faoi 2019, go raibh na cearta eisiacha i bhfeidhm ó na 1970idí, i.e. ar feadh níos mó ná 40 bliain.
- (115) Ina fhianaise sin, tá modh 4 bunaithe ar chás frithfhórasach ag a bhfuil fad socraithe 25 bliana. Maolaítear leis sin an chéad thionchar diúltach atá ag Dlí PACTE ar luach na gceart eisiach, tionchar a chuir údarais na Fraince san áireamh i modhanna 1, 2 agus 3 (féach aithris 22(a)), i gcomhréir leis an amhras a chuir an Coimisiún in iúl in aithrisí 106 agus 107 den chinneadh tosaigh.
- (116) Is léir go bhfuil an cás sin níos coimeádaí ná na cásanna a d'fhorbair CPT ar bhonn mhodhanna 1, 2 agus 3, i bhfianaise scor an tsreafa airgid dhearfaigh tar éis 25 bliana.
- (117) Mar sin féin, áirítear le modh 4 coigeartú breise, is é sin athrú ar an luach saothair (ráta coimisiúin) a fhaigheann FDJ sa chás roimh Dhlí PACTE. Ar iarraidh ón gCoimisiún, sheol údarais na Fraince paraiméadair choigeartaithe don ráta coimisiúin agus an cás teoriciúil d'fhad 25 bliana do na cearta eisiacha á chur san áireamh.
- (118) I gcás ina bhféadfadh deireadh teacht leis na cearta eisiacha níos luaithe (tar éis 25 bliana in ionad tréimhse neamhtheoranta), bheadh riosca airgeadais níos mó i gceist do FDJ ós rud é go mbeadh níos lú ama aige torthaí a ghiniúint. Sna himthosca sin, d'fhéadfaí a áitiú go dtitfeadh na rátaí coimisiúin (agus dá bhrí sin luach saothair FDJ) níos lú ná mar a thitfidís i gcás ina raibh sé beartaithe go leanfadh na cearta ar aghaidh ar feadh tréimhse éiginnte.
- (119) Tá na hathruithe ar na rátaí bunaithe ar an méadú réamh-mheasta ar na méideanna arna ngealladh, mar a thuartar sa phlean gnó a úsáidtear chun an táille a ríomh ⁽⁶²⁾. Chuige sin, thagair údarais na Fraince do na toimhdí a úsáideadh sna modhanna eile, agus an mhinicíocht ag a laghdaítear na rátaí coimisiúin á coigeartú chun an t-eolas go dtiocfadh deireadh leis na cearta eisiacha tar éis 25 bliana a chur san áireamh.
- (120) Measann an Coimisiún gur cur chuige coimeádach chun an easpa cabhrach a chinneadh atá i gceist lena chás frithfhórasach a bhunú, in éagmais Dhlí PACTE, ar thoimhde go mbeadh teorainn ama leis na cearta (i bhfocail eile, ag glacadh leis go leanfadh FDJ de thairbhe a bhaint as na cúinsí a bhí ann roimh Dhlí PACTE, ach ar feadh 25 bliana amháin i.e. go dtí 2044).

⁽⁶²⁾ San am a chuaigh thart, rinne Aire an Bhuiséid leasú rialta ar rátaí coimisiúin FDJ (de réir na catagóire cluiche ó 1997 go 2016, agus ansin de réir raon RTP ó 2016). Seachas freagairt d'fhorbairtí eacnamaíocha níos leithne, bhí na leasuithe sin ar aon dul leis na hathruithe ar an méid a gheall na gníomhaithe.

- (121) Measann an Coimisiún go bhfuil forais ann glacadh leis nach laghdófaí na rátaí coimisiúin chomh mór sin sa chás a bhfuil teorainn ama leis, ós rud é go bhfuil na cearta teoranta do 25 bliana sa phlean gnó roimh Dhlí PACTE. Go deimhin, measann an Coimisiún go bhfuil nasc coincheapúil idir fad na gceart agus leibhéal an luacha saothair, agus bíonn tionchar ag an toisc sin ar luach saothair agus ar bhrabúsacht FDJ araon. Thairis sin, tugann an Coimisiún dá aire nár athraigh an Fhrainc ach minicíocht na laghduithe ar rátaí, agus go raibh sé sin i gcomhréir leis an méadú réamh-mheasta ar na méideanna a íocadh agus leis na coigeartuithe a rinneadh sular tugadh isteach Dlí PACTE.
- (122) Leis na toimhdí atá mar bhonn taca le modh 4, tugtar luach EUR [...] le haghaidh na gceart sa chás frithfhórasach (in éagmais Dhlí PACTE).
- (123) Ós rud é gurb é EUR [...] luach na gceart sa chás fórasach (i ndiaidh Dhlí PACTE), faoi mhodh 4 tagann méid na táille go EUR 477 milliún, atá EUR 97 milliún níos airde ná an EUR 380 milliún arna ríomh ag CPT.

6.1.5.1.3. Conclúid

- (124) Mar fhocal scoir, is é EUR 477 milliún an táille a ríomhtar trí úsáid a bhaint as modh 4, atá EUR 97 milliún níos airde ná an luach saothair arna ríomh ag CPT (EUR 380 milliún).
- (125) Chun a áirithiú nach bhfuil aon chabhair i gceist, tugann an Coimisiún dá aire gur gheall an Fhrainc an táille a mhéadú faoi EUR 97 milliún i gcomparáid leis an luach saothair arna ríomh ag CPT.

7. CONCLÚIDÍ

- (126) Tagann an Coimisiún ar an gconclúid nár tugadh buntáiste eacnamaíoch do La Française des Jeux trí chearta eisiacha a dheonú do FDJ faoi Dhlí PACTE.
- (127) Dá bhrí sin, ní státcabhair é an beart de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ní cabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh é an beart a chuir Poblacht na Fraince chun feidhme i bhfabhar La Française des Jeux, arna mhéadú faoi EUR 97 milliún.

Airteagal 2

Is chuig Poblacht na Fraince a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Margrethe VESTAGER
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin